Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15666/25**

**LIMITE**

**CORLX 1101**
**CFSP/PESC 1680**
**CSDP/PSDC 715**
**PESCO 20**
**FIN 1405**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag an Ardrúnaí, Belén MARTINEZ CARBONELL |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle an 18/11/2025 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2025) 233.

---

Faoi iamh: HR(2025) 233

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais**
**do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála**
**chuig an gComhairle**

**an 18 Samhain 2025**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO**

**HR(2025) 233**
*Limited*

PUBLIC

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. CONTEXT

Council Decision (CFSP) 2020/1639 of 5 November 2020 established the general conditions under which third States could exceptionally be invited to participate in individual PESCO projects. Article 7(2)(a) of that Decision limits the involvement of entities in the implementation of PESCO projects after 31 December 2025 on the basis of contracts concluded or procurement procedures launched before that date.

In the context of the PESCO Strategic Review, the PCS, in its conclusions on 6 November 2025, agreed to technically amend this Council Decision in order to ensure legal continuity beyond 2025 and allow entities to remain involved in PESCO projects.

### 2. OBJECTIVE

The purpose of this proposal is to extend the reference date in Article 7(2)(a) of Council Decision (CFSP) 2020/1639 from 31 December 2025 to 31 December 2030, in order to allow entities to continue to be involved in the implementation of PESCO projects without interruption. This proposal is a purely technical update.

### 3. AMENDMENTS PROPOSED TO COUNCIL DECISION 2020/1639

Article 7(2)(a) will be amended by replacing the reference to the date "31 December 2025" with "31 December 2030".

PUBLIC

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN GCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2025]**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1639 ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach[1], go háirithe Airteagal 4(2)(g) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO[2].

(2) Foráiltear le hAirteagail 7(2)(a) den gCinneadh sin nach bhféadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an 31 Nollaig 2025 ach ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích nó nósanna imeachta soláthair a seoladh roimh an dáta sin.

(3) Ar mhaithe le cur chun feidhme leanúnach thionscadail PESCO, is gá na forálacha sin a leasú ionas go mbeidh eintitis in ann a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO go dtí an 31 Nollaig 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(2)(a) de Chinneadh (CBES) 2020/1639:

‘ní fhéadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an 31 Nollaig 2030 ach ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích nó nósanna imeachta soláthair a seoladh roimh an dáta sin.’

---

[1] IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.

[2] IO L 371, 6.11.2020, lgh. 3-9

PUBLIC

*Airteagal 2*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*